## Plean Forbartha na Gaillimhe 2022-2028 – Aighneacht ó Oifigeach Pleanála Teanga na Ceathrún Rua

**Na hAchtanna Pleanála agus Forbartha agus an Ghaeilge sa Ghaeltacht**
Is riachtanas reachtúil ar an gComhairle Contae é i gcúrsaí pleanála an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail. Foráiltear le halt 10 de na hAchtanna Pleanála lena bhforáiltear mar seo a leanas:-

> ***10.****—(1) I bplean forbartha, leagfar amach straitéis fhoriomlán do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inchothaithe limistéar an phlean forbartha agus is é a bheidh ann ráiteas i scríbhinn agus plean nó pleananna lena léireofar na cuspóirí forbartha don limistéar a bheidh i gceist.*
> *(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), folóidh plean forbartha cuspóirí maidir leis na nithe seo a leanas—*
>> *(m) oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha.*

Tá an oiread tábhacht ag baint leis seo mar riachtanas reachtúil gur féidir cead a dhiúltú chun oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint gan chúiteamh a íoc leis an iarratasóir. Foráiltear mar seo a leanas leis an gCeathrú Sceideal den Phríomh-Acht, mír 14:

> *Cúiseanna le Cead a Dhiúltú nach mbeidh Cúiteamh Iníoctha ina leith:*
> *14. Go ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe dochar d'oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta.*

Freisin, is féidir leis an údarás pleanála coinníollacha a fhorchur chun oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint gan chúiteamh a íoc leis an iarratasóir. Foráiltear mar seo a leanas leis an gCeathrú Sceideal den Phríomh-Acht, mír 8:

> *Coinníollacha is féidir a Fhorchur, gan Cúiteamh a Íoc, ar Dheonú Ceada chun Talamh a Fhorbairt*
> *8. Aon fhoráil a bhaineann le hoidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint.*

**Cuimhnítear go dtéann an dualgas reachtúil chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail níos faide ná dualgas chun díreach í a chosaint nó chun an dochar a dhéanfaí di a mhaolú**.

## Treorlínte
De bhun alt 28 de na hAchtanna Pleanála, is féidir leis an Aire Comhshaoil treoirlínte a eisiúint chuig údaráis phleanála, maidir le haon cheann dá bhfeidhmeanna i ndáil le cúrsaí pleanála. Is féidir le treoirlínte dá leithéid riachtanais bheartais phleanála a bheith iontu nach foláir do na húdaráis phleanála, do na tionóil réigiúnacha agus don Bhord Pleanála géilleadh dóibh .i. cuspóirí sainordaitheacha.

Tá roinnt treoirlínte glactha ag an Aire. Glacadh Treoirlínte Pleanála Uimh. 15 chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus iad ag ullmhú a gcuid pleananna forbartha. Molann Uimhir 15 na cuspóirí sainordaitheacha seo a leanas a bheith san áireamh sa phlean forbartha ó thaobh na Gaeltachta de:
(i) go mbeadh tionchar dearfach ag an bhforbairt i gceist ar oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta agus gur féidir cur in aghaidh chineálacha áirithe forbartha agus forbairtí de mhéadanna áirithe dá réir;

> (ii) go riarfaí i gcomhair riachtanais an phobail i ndáil le húsáid talún ar mhaithe le tithíocht, le poist, le háiseanna áineasa agus áiseanna poiblí agus ar mhaithe le straitéis ar leith tithíochta chun freastal ar riachtanais mhuintir na Gaeltachta.

(iii) go gcuirfí tuarasóireacht teanga agus chultúrtha chun cinn go láidir; agus

(iv) go gcuirfí úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó agus poiblí chun cinn.

Is treoirlínte ceangailteacha iad seo.

## Acht na Gaeltachta, 2012 agus an Próiseas Pleanála Teanga

I measc forálacha eile, cuireann Acht na Gaeltachta 2012 tús leis an bpróiseas pleanála teanga i dtrí chomhthéacs éagsúla: Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge.

Tá an Ghaeltacht anois roinnte i 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) agus caithfidh pobal gach LPT plean teanga a ullmhú don LPT le teacht le hAcht na Gaeltachta, 2012 ionas go n-aithneofar an limistéar mar limistéar Gaeltachta feasta.

**Glacadh le plean teanga do LPT na Ceathrún Rua i 2018 agus tá Oifigeach Pleanála Teanga ag cur an plean sin i bhfeidhm ó Bealtaine 2019.**

## Plean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021

Aithnítear i bPlean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021 an tábhacht a bhaineann le cur chun chinn na Gaeilge agus tá sé ar cheann de na cuspóirí sainordaitheacha atá luaite ann. :

- cosaint d'oidhreacht teangeolaíochta agus cultúir na Gaeltachta lena n-áirítear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga pobail, nuair atá ceantar Gaeltachta i gceantar an Phlean Forbartha;[1]

Tá cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht mar cheann d'aidhmeanna straitéiseach an phlean:

> **Aidhm Straitéiseach 8 – An Ghaeltacht**
> An Ghaeltacht a chur chun cinn mar phobal a labhraíonn Gaeilge, an tábhacht atá leis an nGaeilge go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a aithint agus nuair is féidir, féachaint leis na pobail Ghaeltachta atá fanta a neartú, a chothabháil agus a chosaint.[2]

**An Cheathrú Rua a Fhorbairt mar an Príomhbhaile Gaeltachta i nGaeltacht na Gaillimhe**

Tá polasaí ag Údarás na Gaeltachta An Cheathrú Rua a fhorbairt mar 'lárionad thionscail na Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe", agus tá polasaí ag Comhairle Chontae na Gaillimhe an baile a fhorbairt mar 'lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara Thiar". [3] Tá aitheanta mar sin ag an dá eagras stáit seo gur cóir go mbeadh ról ar leith ag an gCeathrú Rua i bhforbairt Chonamara Thiar agus i bhforbairt Ghaeltacht na Gaillimhe.

I mBeart 8.2 i bPlean Teanga na Ceathrún Rua déantar tagairt d'fhorbairt baile na Ceathrún Rua mar '**Príomhbhaile Gaeltachta agus Lárionad Seirbhísí'**

[1] Plean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021 lth 10
[2] Plean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021 Lth 18
[3] Plean Teanga na Ceathrún Rua, lth 99

'Tá an baile ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá níos mó seirbhísí ar fáil i sráidbhaile na Ceathrún Rua agus san LPT trí chéile ná mar atá ar fáil in aon phobal eile i nGaeltacht Chonamara. San LPT tá bunscoileanna, meánscoil, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, lárionad RTÉ Raidió na Gaeltachta, Oifig Chomhairle Contae na Gaillimhe, leabharlann, príomhoifigí Oireachtas na Gaeilge, CNNG, Tuismitheoirí na Gaeltachta, áiseanna siopadóireachta agus miondíola, dhá eastát tionscail, áiseanna caitheamh aimsire agus sóisialta.

Le comhoibriú le Comhairle Contae na Gaillimhe, chruthófaí baile nua "Gaelach" i nGaeltacht Chonamara a bheadh mar phríomhbhaile Gaeltachta i gConamara. Moltar go gcuirfí i bhfeidhm polasaí na Comhairle Contae agus an Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara agus go mbeadh sráidbhaile na Ceathrún Rua mar an príomh-shráidbhaile i nGaeltacht Chonamara agus mar lárionad seirbhísí don Ghaeltacht.[4]'

## Polasaithe Plenála agus Tithíochta

Tá aitheanta sa Phlean Forbartha 2015-2021 go bhfuil pobal na Gaeltachta faoi bhrú ollmhór ar go leor fáthanna, 'ceann acu ná an brú de bharr daoine gan aon Ghaeilge ag bogadh isteach sa Ghaeltacht, chomh maith le tionchair sheachtracha eile agus easpa seirbhísí ina dteanga féin don phobal.'[5]

Tá tábhacht ar leith le polasaithe forbartha agus tithíochta a chinntíonn nach mbeidh droch thionchar teanga ag forbairtí ar phobal teanga na Gaeltachta. De réir an Phlean Forbartha, tá Ráiteas Tionchar Teanga riachtanach i gcás tograí tithíochta do dhá theach nó níos mó a bheadh lonnaithe i gceantar Gaeltacht, agus tá Clásal Feidhme Teanga 'a mhaireann ar feadh tréimhse 15 bhliana infheidhme d'fhorbairtí ceadaithe ina mbeidh dhá aonad nó níos mó i gceist.'[6] Tá forbairtí il-ionad chónaitheacha, le dhá aonad nó níos mó faoi réir cheanglais áitíochta agus teanga na Comhairle freisin.[7]

Déantar tagairt i gCuspóir RHO4 (b) do chainteoirí Gaeilge ar mhian leo a bpríomhtheach cónaithe a bheith lonnaithe sa Ghaeltacht agus deirtear go gcuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 15 bhliain i gcás forbairtí a bheidh ceadaithe sa chatagór sin.[8]

I gCuspóir DO2 deirtear go gcuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm i gcás 80% ar a laghad d'aonaid i bhforbairtí cónaithe ar an gCeathrú Rua, nó an chomhréir de dhaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil, pé acu is mó.

**Moltaí ó Oifigeach Pleanála Teanga na Ceathrún Rua:**

1. Moltar go gcuirfí i bhfeidhm polasaí na Comhairle Contae agus an Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara agus go mbeidh sráidbhaile na Ceathrún Rua mar an príomh-shráidbhaile i nGaeltacht Chonamara agus mar lárionad seirbhísí don Ghaeltacht.

2. Maidir le Ráitis Tionchar Teanga, moltar go mbeidh sé luaite go sonrach sa Phlean Forbartha 2022-2028 go mbeidh an Ráiteas réitithe ag saineolaí sa réimse Sochtheangeolaíocht nó Phleanáil Teanga; go gcruthódh an Ráiteas go rachadh an fhorbairt sin chun socair na Gaeilge go háitiúil; agus go mbeidh an té ceapaithe gonéamh

[4] Plean Teanga na Ceathrún Rua, lth 86
[5] Plean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021 lth 151
[6] Plean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021 Cuspóir UHO 12 – Ráitis Tionchar Teanga lth 55
[7] Ibid Cuspóir UHO 13 - Tithíocht Uirbeach sna Lonnaíochtaí Gaeltachta lth 55
[8] Ibid Cuspóir RHO 4 (b) Saincheantar Tithíochta Tuaithe (Gaeltacht) lth 63

spleách ag an gComhairle Chontae, seachas a bheith ceapaithe ag an bhforbróir, le coimhlint leasa a sheachtaint.

3. Moltar go mbeidh Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm mar atá sa Phlean Forbartha 2015-2021.

4. Maidir le hinniúlacht sa teanga agus measúnacht tionchar teanga á déanamh, moltar gur gá inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001) mar chaighdeán inghlactha.

5. Moltar go dtabharfaí tús áite don infreastruchtúr glas agus gorm, i gcomhthéacs a tábhacht i gcúrsaí turasóireachta, i gcúrsaí timpeallachta agus i gcomhthéacs folláine an phobail.

6. Moltar go dtabharfaí an t-aitheantas agus an tacaíocht cuí do thograí cosúil le Bealach Slí Chonamara, Bealaí Rothaíochtaí i gConamara Theas agus Áiseanna siúlóide don phobal.

Sínithe: [redacted]

Majella Ní Chríocháin, Oifigeach Pleanála Teanga na Ceathrún Rua,
Pobal Rua, An Crompán, An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe pobalrua@gmail.com 087 9776852
9 Meán Fómhair 2020